# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Seosamh Ó Coinne |
| **Post** | Clárbhainisteoir Oideachais |
| **Eagraíocht** | Foras na Gaeilge |
| **Dáta** | 27.01.21 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím** [x] **Ní thoilím** [ ]

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

**Stair Fhoras na Gaeilge**

- Bunaíodh Foras na Gaeilge i Mí na Nollag 1999, mar an comhlacht atá freagrach as an Ghaeilge a chur chun cinn ar fud oileán na hÉireann. I measc na bhfreagrachtaí atá ar Fhoras na Gaeilge, tá tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.
- Tá ról ag Foras na Gaeilge i dtaca le comhairle a chur ar lucht Rialtais, Thuaidh agus Theas, agus ar chomhlachtaí poiblí agus ghrúpaí eile sna hearnálacha príobháideacha agus deonacha i ngach gnó a bhaineann leis an Ghaeilge.

**Feidhmeanna Fhoras na Gaeilge:**

- De réir Chuid 5 den reachtaíocht faoinar bunaíodh Foras na Gaeilge, an tAcht um Chomhaontú na Breataine-na hÉireann, 1999, tá na feidhmeanna seo a leanas ag Foras na Gaeilge:
- an Ghaeilge a chur chun cinn;
- úsáid na Gaeilge a éascú agus a spreagadh sa chaint agus sa scríbhneoireacht sa saol poiblí agus sa saol príobháideach sa Deisceart agus, i gcomhthéacs Chuid III den Chairt Eorpach do Theangacha Réigiúnacha nó Mionlaigh, i dTuaisceart Éireann mar a mbeidh éileamh cuí ann;
- comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach;
- tionscadail tacaíochta a ghabháil de láimh, agus cúnamh deontais a thabhairt do chomhlachtaí agus do ghrúpaí de réir mar a mheasfar is gá;
- taighde, feachtais tionscnaimh, agus caidreamh poiblí agus caidreamh leis na meáin, a ghabháil de láimh;
- téarmaíocht agus foclóirí a fhorbairt;
- tacú le hoideachas trí mheán na Gaeilge agus le múineadh na Gaeilge.

Is de réir na feidhme "comhairle a thabhairt don dá lucht riaracháin, do chomhlachtaí poiblí agus do ghrúpaí eile san earnáil phríobháideach agus dheonach" is mian le Foras na Gaeilge moltaí a chur i láthair ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*.

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

**Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.***

Fáiltíonn Foras an Gaeilge roimh an Dréachtchreat Curaclam nua do bhunscoileanna. Aontaíonn Foras na Gaeilge le haidhmeanna an Churaclaim, sé sin go gcabhróidh sé le gach páiste le linn a n-óige agus amach anseo forbairt a dhéanamh ar bhonn uilíoch; a bheith faoi bhláth agus faoi rath; go dtabharfaidh sé tacaíocht dóibh chun a gcumas iomlán a chomhlíonadh mar dhaoine aonair agus mar bhaill dá bpobal agus den tsochaí in Éirinn. Creideann Foras na Gaeilge go bhfuil an Ghaeilge, idir theanga, cultúr agus oidhreacht ina dlúthchuid den fhís sin is gur chóir go mbeadh an Ghaeilge mar chuid lárnach den Churaclaim nua. Tá tábhacht faoi leith ag baint le forbairt mheonta i gcúrsaí oideachais, meon i leith an duine féin, a chomhluadar agus a chultúr. Chuimsíonn cultúr na tíre gach duine ó gach cúlra eitneach agus teanga agus cuireann Foras na Gaeilge béim faoi leith ar theanga dúchasach na tíre, an Ghaeilge.

Is é an príomhtheachtaireacht atá ag Foras na Gaeilge ná go mba chóir go mbeadh an Ghaeilge fite fuaite tríd an gcuraclam ar fad, agus go mbeadh aird faoi leith á thabhairt uirthi mar ábhar faoi leith i scoileanna a bhíonn ag teagasc trí Bhéarla. Measann Foras na Gaeilge áfach gur cheart go mbeadh an tumoideachas iomlán luaite go sonrach sa chreat a chuimsíodh an Ghaeilge mar theanga laethúil i ngaelscoileanna agus i scoileanna Gaeltachta.

# Roinn 2

**Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

Molaimid an solúbthacht agus saoirse chun an curaclam a chur in oiriúint don chomhthéacs scoile, go hairithe an roinnt idir an dá chatagóir,

- Íos-Am Churaclaim do Theanga agus do Mhata ar bhonn seachtaine
- Am Solúbtha do na hábhair eile ar bhonn míosa.

Tabharfaidh sé seo deis do scoileanna obair a dhéanamh leis na páistí i mbloic ama nó páirt a ghlacadh in imeachtaí logánta mar shampla agus cinnteoidh sé go mbeidh an roinnt ama cothrom agus leathan ag an am gcéanna. Is gá a chinntiú áfach, le go mbeadh sé ar leas na bpáistí, go ndéanfar an roinnt ama thar na n-ábhar uilig agus ní go díreach ag díriú ar shainspéis mhúinteora.

Molann Foras na Gaeilge Rogha 2 (lch. 17) ó thaobh leithdháileadh ama, toisc go dtugtar am faoi leith don dá theanga. Measann Foras na Gaeilge go mbeadh sé seo ríthábhachtach i scoileanna meáin Bhéarla ach go háirithe ar eagla go ndéanfadh laghdú ar líon uaireanta teagaisc don Ghaeilge agus go mbeadh dochar déanta dá bharr ar an deis ag páiste an Ghaeilge a fhoghlaim.

## Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís soiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Tá an-tábhacht ag an leanúnachas idir na tréimhsí éagsúla oideachais do pháistí, ag aistriú ón bhaile go dtí an naíonra/réamhscoil, ón naíonra/réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ón bhunscoil go dtí an scoil iar-bhunoideachais. Cabhraíonn féinmhuinín, teacht aniar agus spéis sa tsaoil do na páistí ar an aistear seo is cabhraíonn *Aistear* agus tionscnamh *Mo Scéal* (tionscnamh CNCM faoi aistrithe idir réamhscoileanna agus bunscoileanna) le cleachtóirí na tréithe sin a fhorbairt sa naíonra. Is buntáiste an-mhór é do pháistí óga gur féidir leo tréimhse dhá bhliain a chaitheamh sa naíonra/réamhscoil anois. Cuireann sé sin deis ar fáil dóibh forbairt iomlánaíoch a dhéanamh, cúrsaí teanga san áireamh. Maidir le naíonraí, tugtar deis do gach páiste, cuma cén scoil chuig a rachaidh siad, an Ghaeilge a shealbhú agus a gcuid foghlama a chur chun cinn trí Ghaeilge.

Choimisiúnaigh an tAonad um Oideachas Gaeltachta sa Roinn Oideachais tuairisc taighde ar réasúnaíocht, theoiric agus moltaí chun naisc idir naíonraí agus bunscoileanna na Gaeltachta a chothú agus tá plean á n-ullmhú faoi láthair acu chun na moltaí a chur i bhfeidhm. Anuas ar na moltaí a bhaineann le gach páiste i *Mo Scéal*, moltar go mbeadh eolas faoi chumas an pháiste sa Ghaeilge á chur ar aghaidh go dtí an bhunscoil, go mbeadh comhoiliúint ann do na bunscoileanna agus naíonraí maidir le naisc a chothú eatarthu, go mbeidh gníomhaíochtaí éagsúla ar bun acu sa réimse acu féin agus i bpáirt lena chéile is go mbeifear ag obair i bpáirt leis na tuismitheoirí. Tuigtear d'Fhoras na Gaeilge go mbeidh an tuairisc á fhoilsiú ar ball beag.

Bheadh sé chomh tábhachtach céanna go mbeadh naisc á mbunú idir na bunscoileanna agus na hiar-bhunscoileanna, le heolas a bhaineann le daltaí den aois sin, mar atá sa 'Phas Oideachais'.

### Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le méin, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Tacaíonn Foras na Gaeilge leis na príomhinniúlachtaí atá luaite i. tá siad breá leathan agus cuimsitheach. Baineann an Ghaeilge le gach réimse ach ba mhaith linn béim a chur ar ghnéithe áirithe de na hinniúlachtaí:

**A bheith i do shaoránach gníomhach**: Tá an ceart ag gach páiste an Ghaeilge a shealbhú agus a fhoghlaim, i dtimpeallacht dhearfach chuiditheach. Tá freagrachtaí ar mhúinteoirí, ar phríomh-oidí agus ar mhuintir eile na scoile atmaisféar báúil a cothú chun foghlaim na Gaeilge a chur chun cinn. Tá sé de cheart ag páistí ar chainteoirí dúchais Gaeilge iad go dtógtar ar an leibhéal Gaeilge atá acu is go ndéantar a gcumas sa teanga a fhorbairt.

**A bheith cruthaitheach**: páirt a ghlacadh in éispéiris chruthaitheacha agus chultúrtha de gach saghas, na healaíona dúchais sa áireamh, ceol agus amhránaíocht Gaelach, damhsa Gaelach, (sean-nós agus nua-nós), agus cleachtais eile mar lúibíní, drámaíocht agus scéalaíocht dúchasach.

**A bheith i d'fhoghlaimeoir digiteach**: cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge (chomh maith le Béarla) trí mheán na teicneolaíochta agus rochtain a fháil ar réimse leathan ábhar trí Ghaeilge, ábhar a chruthú go digiteach trí Ghaeilge agus a bheith criticiúil faoi úsáid a bhaint as ábhar digiteach.

**Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid**: forbairt a dhéanamh ar an Ghaeilge chomh maith leis an Bhéarla, cumas cainte agus cruinneas sa chaint agus sa scríobh as Gaeilge a fhorbairt, taitneamh a bhaint as ábhair éagsúla a léamh as Gaeilge, ábhar a chruthú as Gaeilge.

**Folláine a chothú**: a bheith muiníneach as a bhféiniúlacht mar Éireannaigh, as a ndúchas agus as a n-oidhreacht.

**Foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir:** meas a léiriú ar éagsúlacht teanga agus cultúr chomh maith le réimsí eile, eolas a chur ar theanga agus ar chultúir eile. A bheith sásta cur lena gcumas sa Ghaeilge.

**Ábhair eile**: Tá an-chuid buntáistí ag baint le gach réimse acu seo ach caithfear cothromaíocht a choimeád idir na croí-ábhair agus cinn eile gur féidir déileáil leo ar bhealach níos scaoilte. Bheadh gnéithe airithe de na cinn seo á oibriú isteach sna hábhair eile pé scéal é, ar nós teicneolaíocht, corpoideachas, folláine srl, ach tabhairt fúthu go comhfhiosach.

B'fhiú go mór cuimhneamh ar chur chuige FCÁT (CLIL) (Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga/Content and Language Integrated Learning) mar shampla chun ábhar airithe a theagasc trí Ghaeilge. Tá scéim phíolótach forbartha ag an Roinn Oideachais chun corpoideachas a mhúineadh trí Ghaeilge i mbunscoileanna áirithe. Beidh an scéim seo ag tosú i ndiaidh na Nollag is beidh measúnú á dhéanamh air chun teacht ar dhea-chleachtas.

Cuireann Foras na Gaeilge fáilte roimh dheiseanna teangacha a fhoghlaim ach tá muid buartha faoin tríú teanga a thabhairt isteach mar gheall ar na deacrachtaí ó thaobh foghlaim na Gaeilge i scoileanna meáin Bhéarla agus an méid seo a leanas sonraithe i dTuarascáil an Phríomchigire féin ó 2016:

> Is léir meath ar thorthaí leanaí sa Ghaeilge ó Thuairisc an Phríomh-Chigire roimhe seo sa bhliain 2013, nuair a bhreithnigh cigirí go raibh cáilíocht na foghlama go maith nó ní b'fhearr in 76% de na ceachtanna a ndearnadh meastóireacht orthu. Níl an dul chun cinn is cóir á dhéanamh ag líon suntasach leanaí sa Ghaeilge. (Tuarascáil an Phríomhchigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, féach 4.4.2)
>
> In athbhreithniú cigireachta inmheánach ar seachtó cúig thuairisc meastóireachta scoile uile, a foilsíodh sa tréimhse lena mbaineann an tuarascáil seo, léiríodh gurb í an Ghaeilge an t-ábhar ba mhó a ndúradh go raibh gá le feabhsú. Cuireann cigirí comhairle ar mhúinteoirí lena dheimhniú go mbíonn difreálú cuí in ábhar an cheachta chun freastal ar riachtanais fhoghlama agus réimsí cumais éagsúla na ndaltaí. Díríonn siad aird freisin ar an ngá atá le scileanna cumarsáide na ndaltaí a neartú sa Ghaeilge le deiseanna breise a sholáthar sa seomra ranga chun an teanga atá múinte a úsáid. (Tuarascáil an Phríomhchigire, An Roinn Oideachais agus Scileanna, 2016, féach 4.4.2)

Moltar córas nó scéim a fhorbairt, trí mhaoiniú ón Roinne Oideachas, má tá teangacha iasachta nua-aimseartha le tabhairt isteach i scoileanna. Moltar seo a dhéanamh i ndiaidh am scoile trí oide seachtrach a thabhairt isteach. Bheadh curaclam agus áiseanna tacaíochta ar fáil don oide agus don scoil. Scéim ar nós an 'Modern Languages in Primary Schools Initiative (MLPSI)' nó an 'Primary Modern Languages Programme (PMLP)' ó thuaidh.

### Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
  - Teanga
  - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
  - Folláine
  - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
  - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh.

Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Moltar an curaclam a chomhtháthú do ranganna na naíonán agus do ranganna 1 agus 2. Tá an leagan amach comhtháite seo ag tógáil ar chur chuige *Aistear* (suas go dtí 6 bliana). Tá aird faoi leith le tabhairt ar Theanga agus Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta. Tá na teangacha Gaeilge agus Béarla comhtháite ina theannta sin agus tugann sin deis do na múinteoir an Ghaeilge a chomhtháthú trasna an churaclam. Molann Foras na Gaeilge go mbunófaí próiseas chun a chinntiú go mbeidh an aird cuí á thabhairt do mhúineadh na Gaeilge sna bunranganna i scoileanna meáin Bhéarla agus chuige sin molann go mbeidh íosmhéid ama sonraithe do theagasc na Gaeilge ag na leibhéil seo. Tacóidh sé leis na straitéisí rialtais eile i scoileanna ar nós na litearthachta.

Ranganna 3 & 4; 5 & 6: Tá níos mó sainábhair i gceist ag na céimeanna seo. Tá an Ghaeilge agus an Béarla le múineadh ar bhealach comhtháite agus bunaithe ar thorthaí foghlama. Arís molann go mbeidh íosmhéid ama sonraithe do theagasc na Gaeilge ag na leibhéil seo. Tacóidh sé leis na straitéisí rialtais eile i scoileanna ar nós na litearthachta.

Tugtar aitheantas do ghairmiúlacht na múinteoirí mar is cuí ach beidh gá le hoiliúint thar tréimhse fada ama chun é seo a bhaint amach.

Aontaíonn Foras na Gaeilge gur gá go mbeidh ábhar tacaíochta agus eiseamláirí ar fáil do mhúinteoirí ach molann muid go láidir go ndéanfar ábhair Ghaeilge a fhorbairt agus a chur ar fáil chomh luath agus is féidir do scoileanna T1 agus T2.

**Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.
- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Aontaíonn Foras na Gaeilge gur chóir go mbeadh an measúnú mar dlúthchuid den teagasc agus go bhfuil bealaí éagsúla ann chun an measúnú a dhéanamh. Molann muid go dtabharfaí aird chomh maith ar na saghsanna éagsúla forbartha teanga atá sa bhunscoil, i. go dtosaíonn an sealbhú le tuiscint agus go gcuireann páistí a dtuiscint in iúil ar bhealaí éagsúla mar shampla, trí gníomh a dhéanamh nó trí freagairt go cuí as Béarla. Beidh an múinteoir in ann an dul chun cinn a bhunú ar léiriú tuisceana an pháiste. Beidh sé/sí in ann ócáidí a phleanáil chun go mbeidh deis ag na páistí tuiscint a léiriú agus ansin bogadh ar aghaidh go dtí focail eile, frásaí agus caint níos forbartha.

Ba chóir go mbeadh roinnt den fhoghlaim bunaithe ar spéiseanna agus éispéiris na bpáistí, toisc gur mar sin a bhíonn an fhoghlaim ar an leibhéal is doimhne. Beidh na múinteoirí in ann naisc a chruthú idir na spéiseanna sin agus ábhar an churaclaim go minic agus beidh spreagadh eile ar fáil do na páistí i réimsí eile an churaclaim. Cuideoidh an cur chuige FCÁT (CLIL) (Foghlaim Comhtháite Ábhar agus Teanga/Content and Language Integrated Learning) go mór trí chomhthéacsanna éagsúla d'úsáid teanga a chur ar fáil do phaistí.

Aontaíonn Foras na Gaeige chomh maith go bhfuil an-tábhacht ag baint le dea-chaidreamh idir na daoine go léir atá lárnach i saol an pháiste agus go bhfuil an scoilphobal ina iomláine tábhachtach d'fhorbairt an pháiste.

### Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinne sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.
-

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dúshláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Bhí go leor buanna ag Curaclaim 1999, go háirithe maidir le foghlaim ghníomhach ach aithníodh go raibh ualach trom oibre ag baint leis chomh maith. Tá bunús doimhin gairmiúil faoin Dréachtchreat Curaclaim nua, a thugann aitheantas do ghairmiúlacht na múinteoirí agus a chuireann deis ar fáil dóibh tosaíochtaí a aithint agus an teagasc a eagrú ar bhonn níos leithne ná mionsonraí churaclaim. Oireann an cur chuige comhtháite seo d'fhorbairt na bpáistí sna bunranganna agus déantar forbairt ar na sainréimsí churaclaim sna meán agus sna hard ranganna.

Measann Foras na Gaeilge áfach go gcuirfidh cur chuige na dtorthaí foghlama ualach oibre de shaghas eile ar na múinteoirí agus go dtógfaidh sé am ar mhúinteoirí foghlaim conas déileáil leis an chur chuige seo. Beidh gá le hoiliúint as Gaeilge agus as Béarla thar tréimhse fada ama ina leith seo.

Tá sé sonraithe roimhe san aighneacht go gcreideann Foras na Gaeilge go láidir agus feiceann muid an-tábhacht leis an leanúnachas idir na tréimhsí éagsúla oideachais do pháistí, ag aistriú ón bhaile go dtí an naíonra/réamhscoil, ón naíonra/réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ón bhunscoil go dtí an scoil iar-bhunoideachais.  Tacaíonn muid leis na naisc atá luaite don churaclam nua.

Tá ábhair nua molta sa Dréachtchreat Curaclaim agus fáiltíonn Foras na Gaeilge roimhe sin.  Ní fheictear áfach le ábhair bhreise cad é mar is féidir 'réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil'.  Is mian le Foras na Gaeilge tógáil ar mholadh sa cháipéis i. go mbeadh an tríú teanga a thabhairt isteach ó Rang 3 ar aghaidh.  Arís fáiltíonn Foras na Gaeilge roimh fhoghlaim teangacha ach feictear dúinn go mbeadh sé dúshlánach i scoileanna mas shampla, cumas múinteoirí sa tríú teanga, spás sa chlár ama agus áiseanna tacaíochta.  Molann Foras na Gaeilge gur cheart amharc ar bhealaí eile chun feasacht ar theangacha eile a thabhairt isteach sa teagasc (trí na gnéithe a bhaineann le hoideachas sóisialta) agus gan drochthionchar a imirt ar an am cuí atá de dhíth do theagasc na Gaeilge nó an Bhéarla.

**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fháisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**